



An Roinn Oideachais
Department of Education

Treoir ar an gClár Samhraidh 2021

Do Bhunscoileanna
Príomhshrutha agus Scoileanna
Speisialta

Réamhrá

Cuireann an treoir seo ón Roinn Oideachais creat ar fáil do Chlár Samhraidh i mbunscoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu agus leo siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Cuirtear Clár Samhraidh 2021 ar fáil i gcomhthéacs dúnadh scoileanna bainteach le Covid-19 agus is soláthar leathnaithe é i gcomparáid le Clár Samhraidh 2020 agus clár Soláthair Lúil a bhí ar fáil sna blianta roimhe sin.

Cuireadh isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim gach linbh thar dhá bhliain scoile in 2020 agus 2021. Chun dul i ngleic le cuid de na saincheisteanna seo, tá na Cláir Samhraidh leathnaithe scoilbhunaithe seo a leanas á dtairiscint ag an Roinn do raon leanaí i mbunscoileanna príomhshrutha, i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta:

- Clár Samhraidh scoilbhunaithe atá ar fáil do gach bunscoil príomhshrutha do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais
- Clár Samhraidh scoilbhunaithe do scoileanna speisialta agus do dhaltaí atá ag freastal ar ranganna speisialta i mbunscoileanna príomhshrutha.

Soláthraíonn an nóta teorach seo creat teagaisc ginearálta don fhoireann scoile a mbeidh an Clár Samhraidh scoilbhunaithe, mar atá leagtha amach thuas, á sholáthar acu chun cuidiú leo clár a dhearadh a oirfidh do riachtanais na leanaí.¹ Tugann sé neamhspleáchas agus solúbthacht d'fhoireann na scoile an clár a chur in oiriúint chun freastal ar chomhthéacs áirithe na scoile. Mura mbíonn an Clár Samhraidh scoilbhunaithe ar fáil go háitiúil, féadfaidh tuismitheoirí clár baile a rochtain dá leanaí ina ionad.

Tá an Clár Samhraidh breisithe do 2021 deartha le dul i ngleic le riachtanais na leanaí is dóichí a d'fhulaing neamhleanúnachas ina gcuid oideachais mar gheall ar na tréimhsí cianteagaisc agus cianfhoghlama. Cé go mbeidh beagnach gach duine de na leanaí seo ar ais go hiomlán ar scoil don téarma deiridh den scoilbhliain 2020/21, tabharfaidh an Clár Samhraidh deis dóibh taithí a fháil ar shaol na scoile ar bhealach an-tacúil toisc an bhéim d'aon ghnó ar eispéiris foghlama dearfacha.

Is iad torthaí inmhianaithe an Chláir Samhraidh do na foghlaimeoirí ná go gcothóidh siad nó go bhfaighidh siad taithí bhreise ar nasc leis an scoil, tuiscint níos fearr ar a bhfolláine féin agus muinín mhéadaithe chun leanúint ar aghaidh leis an oideachais.

-
- ¹ Féadfaidh bunscoileanna DEIS campaí litearthachta agus uimhearthachta a chur ar fáil freisin. Tá treoir ar leith ar fáil don chlár sin agus is féidir í a rochtain [anseo](#)

Príomhthéamaí an Doiciméid Threoraigh seo

- Ábhar an chláir
- Úsáid na teicneolaíochta chun tacú leis an rannpháirtíocht
- Foghlaim conas foghlaim
- Cuir chuige teagaisc
- Ról príomhoidí, múinteoirí agus CRSanna
- Guth an dalta

RÉASÚNAÍOCHT MAIDIR LE CLÁR SAMHRAIDH A SHOLÁTHAR

Chuaigh dúnadh scoileanna agus scor na dtacaíochtaí oideachais i bhfeidhm go rímhór ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu agus orthu siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Is dócha go mbeidh an tionchar seo méadaithe ag an easpa foghlama a tharlaíonn go hiondúil le linn saoire scoile an tsamhraidh, agus atá mar ábhar imní do thuismitheoirí agus do theaghligh. Chruthaigh an dá thréimhse cianteachais agus cianfhoghlama dúshlán faoi leith do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu agus dóibh siúd atá i mbaol mór míbhuntáiste oideachais ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tá sé deacair an tsamhail chianfhoghlama a chur in oiriúint do riachtanais aonair
- Ta cumas teoranta ag an-chuid leanaí/daoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu chun dul i ngleic go héifeachtach leis an bhfoghlaim i dtimpeallacht chianteachais
- Cuireann caillteanas na ngnáthamh scoile agus na gcaidreamh le piaraí, múinteoirí agus CRSanna isteach go rímhór ar roinnt leanaí
- Bíonn dúshlán ag baint le foghlaim sa bhaile mar gheall ar infhaighteacht trealaimh, acmhainní agus cáilíocht nascacht an idirlín
- Bhí dúshlán agus éiginnteacht ann do theaghligh agus do thuismitheoirí maidir le leanúnachas an oideachais, aistrithe go suíomhanna nua oideachais agus athnascadh leis an scoil.

Aidhmeanna an chláir samhraidh

Tá sé i gceist go gcabhróidh na príomhphrionsabail agus na cuir chuige a leagtar amach sa doiciméad treorach seo le múinteoirí clár scoilbhunaithe a sholáthar chun tacú le leanaí agus daoine óga:

- Caidrimh a dhlúthú lena scoileanna, a múinteoirí agus a bpiaraí.
- Tógáil ar an bhfoghlaim a tharla dóibh cheana féin, a n-ullmhacht don fhoghlaim agus, a mhéid is féidir, aischéimniú san fhoghlaim a laghdú
- Teachnt aniar agus taithí ar fholláine a fhorbairt trí mhothú sábháilteachta, suaimhnis, nascachta, féinéifeachtúlachta agus dóchais a chur chun cinn

- Scileanna agus gnáthaimh a fhorbairt lena chinntiú go n-aistreoidh siad go rathúil go dtí an chéad chéim eile dá scolaíocht.

Cé ar chóir cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa chlár scoil-bhunaithe?

Tá gach leanbh agus duine óg a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ranganna speisialta incháilithe páirt a ghlacadh i gClár Samhraidh a scoile, má bhíonn a leithéid ann. Sna suíomhanna seo, leanfaidh an Clár Samhraidh ar feadh idir **dhá agus ceithre** seachtaine i mí Iúil nó Lúnasa. Má chinneann an scoil gan an clár a fheidhmiú, féadfaidh na leanaí agus na daoine óga seo leas a bhaint in ionad as an gclár baile.

I scoileanna príomhshrutha gan ranganna speisialta, feidhmeoidh an clár scoilbhunaithe thar **dhá sheachtain** i mí Iúil nó Lúnasa agus tacófar le daltaí i ngrúpaí de suas le dháréag leanaí. Nuair a bhíonn incháilitheacht don chlár á chinneadh, ba chóir tús áite a thabhairt do dhaltaí atá i ranganna príomhshrutha agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus na háiteanna atá fágtha ar an gclár a thairiscint dóibh siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Ba chóir do mhúinteoirí riachtanais na ngrúpaí seo a leanas a chur san áireamh agus ord tosaíochta sna háiteanna a thabhairt dóibh siúd a bhfuil na riachtanais is mó acu. D'fhéadfadh an tábla seo a leanas cuidiú le scoileanna tosaíochtaí a bhunú:

Réimse imní	Leibhéal imní				
	Íseal				Ard
	1	2	3	4	5
Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu					
Leanaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais					

Is féidir na réimsí imní seo a mhiondealú tuilleadh trí na critéir roghnúcháin a úsáid atá aitheanta sa doiciméad treorach oibríochta atá ar fáil [anseo](#)

Ábhar an Chláir

De réir aidhmeanna an chláir, cuirtear an treoir seo a leanas ar fáil chun cabhrú le múinteoirí ord tosaíochta a thabhairt do phríomhriachtanais foghlama leanaí agus iad ag tacú lena bhfolláine de réir mar a bhíonn siad ag dul i dteagmháil arís leis an bhfoghlaim agus leis an scoil.

Mothú SÁBHÁILTEACHTA a chothú

D'fhéadfadh imní a bheith ar roinnt leanaí agus daoine óga faoi bheith gafa athuair le gníomhaíochtaí foghlama agus le filleadh ar scoil tar éis dhá thréimhse cianfoghla. Cuidíonn mothú sábháilteachta le daltaí a chreidiúint go bhfreastalófar ar na riachtanais atá acu anois agus sa todhchaí agus go ndéanfar iad a chosaint ó dhochar.

Is féidir leo seo a leanas mothú sábháilteachta a chothú:

- 'Tog go bog é chun breith suas' – Tá sé tábhachtach gan tosú go tapa le fócas ar an bhfoghlaim acadúil agus ar 'breith suas' sula ndéantar sábháilteacht agus suaimhneas a bhunú agus, dá réir, ullmhacht na ndaltaí don fhoghlaim a dheimhniú.
- Moltar tosú le gníomhaíochtaí foghlama íseal-leibhéal agus le hathdhéanamh sula gcuirtear tús le hábhair nua.
- Ba chóir díriú ar ghnáthaimh a bhfuil taithí orthu a athbhunú maidir le freastal ar scoil agus bheith gafa le gníomhaíochtaí foghlama chun mothú sábháilteachta a éascú don leanbh nó don duine óg. B'fhéidir, i gcásanna áirithe, go mbeidh gá gnáthaimh a ath-theagasc go follasach le treoir shoiléir agus shólásach.
- Maidir le tinreamh scoile agus gafacht le gníomhaíochtaí foghlama, ba chóir go ndíreofaí ar ghnáthaimh a bhfuil taithí orthu a athbhunú, d'fhonn mothú sábháilteachta a éascú don leanbh. Beidh sé tábhachtach gnáthaimh a ath-theagasc go follasach trí theagasc soiléir agus misniúil.
- Beidh sé tábhachtach i gcónaí na treoirlínte agus na noirm atá i bhfeidhm sa scoil i gcomhthéacs comhairle reatha sláinte poiblí Covid19 (m.sh. níochán láimhe, casachtach/sraothartach srl.) a theagasc, a léiriú agus a dhaingniú.

Mothú SUAIMHNIIS a chothú

D'fhéadfadh imní ghéaraithe a bheith ar roinnt leanaí agus daoine óga faoin athghafacht leis an scoil. Nuair a aithnítear agus nuair a thugtar aitheantas dá leithéid d'ímní cuideofar leo a bheith athghafa leis an bhfoghlaim agus taithí a fháil ar leanúnachas san oideachas.

Is féidir leo seo a leanas mothú suaimhnis a chothú:

- Ba chóir go mbeadh deiseanna ag leanaí agus daoine óga a dtuiscint agus a dtaithe ar dhúnadh scoileanna bainteach le paindéim Covid-19 a chur in iúl nó a roinnt ar bhealach sábháilte agus tacúil. Is féidir na gníomhaíochtaí seo a sholáthar go haonair, in am ciorcail nó i ngrúpaí beaga. Féadfaidh gníomhaíochtaí ar nós ealaín tacú leo freisin a dtaithe a roinnt agus a scéalta a insint.
- Bíonn freagraí daltaí agus daoine óga ar dhúnadh scoileanna agus ar imeachtaí strusmhara uathúil agus éagsúil. B'fhéidir go labróidh cuid acu faoina n-ábhar imní, b'fhéidir go gcúlóidh daltaí eile nó go léireoidh siad iompraíochtaí dúshlánacha. Tá sé tábhachtach a aithint agus glacadh leis gur féidir a bheith ag

súil le hiompraíochtaí de chineálacha éagsúla agus gur gnáthfhreagairtí a leithéid ar imeachtaí neamhghnácha.

- Smaoinigh ar bhealaí chun timpeallacht shuaimhneach, struchtúrtha a chruthú sa seomra ranga ag baint úsáid, mar shampla, as soilsiú, ceol, rudaí ar nós blaincéid, cúisíní, bréagáin chéadfacha srl.
- Cruthaigh spásanna suaimhneacha laistigh agus lasmuigh den seomra ranga chun cuidiú le leanaí iad féin a rialáil, mar shampla, cúinní suaimhneacha, pubaill, spásanna scíthe, seomraí céadfacha srl.
- Féadfaidh an deis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rithimeacha ciúine ar nós siúil, nó ióga a bheith suaimhneach do roinnt leanaí agus daoine óga.

Mothú CONGAIS SHÓISIALTA a chothú

Baineann cóngais shóisialta a chothú le caidrimh a bhunú le daoine eile (duine aonair nó grúpaí) a léiríonn tuiscint ort agus a thacaíonn leat. Cruthaíonn forbairt teagmhálacha agus caidreamh le múinteoirí agus piaraí bonn do rannpháirtíocht, folláine mhothúchánach agus d'ullmhacht chun foghlama.

Is féidir leo seo a leanas mothú cóngais shóisialta a chothú:

- Ba chóir do mhúinteoirí agus CRSanna am a ghlacadh le bheith i dteagmháil athuair agus caidrimh a thógáil le leanaí agus daoine óga trí fháilte chroíuil a chur rompu chuig an gclár scoile, éisteacht leo faoina láidreachtaí agus a réimsí spéise agus trí chur in iúl dóibh go bhfuil tú ann chun tacú leo.
- Beidh sé ríthábhachtach deiseanna gafachta a chruthú do leanaí agus daoine óga le gníomhaíochtaí cruthaitheacha, spráíúla, ardrogha in éineacht le múinteoirí agus CRSanna agus beidh leanaí agus daoine óga eile mar ghné ríthábhachtach de Chlár Samhraidh 2021. Is féidir díriú ar scileanna sóisialta agus saoil tábhachtacha mar chuid de.

Mothú FÉIN-ÉIFEACTÚLACHTA agus ÉIFEACTÚLACHT POBAIL a chothú

Is éard atá atá i gceist le féin-éifeachtúlacht ná muinín a bheith agat gur féidir leat na rudaí is gá duit a dhéanamh, déileáil le dúshláin agus amanna casta a láimhseáil. Is éard atá i gceist le héifeachtúlacht pobail ná an mhuinín gur féidir leis an bpobal scoile lena mbaineann tú gach a gcaithfear a dhéanamh d'fhonn rath a chinntiú agus cúram a thabhairt dá bhaill.

Is féidir leo seo mothú féin-éifeachtúlachta agus éifeachtúlachta pobail a chothú:

- Ba chóir gníomhaíochtaí foghlama a chur in oiriúint do riachtanais leanaí, iad nasctha lena réimsí spéise, agus straitéisí teagaisc mar bhonn leo a chuireann stíl foghlama agus riachtanais aonair leanaí agus daoine óga san áireamh agus a chruthaíonn deis ratha dóibh. Cuirfidh aiseolas dearfach, spreagadh agus

dearbhú le mothú féin-éifeachtúlachta leanaí. Tacaíonn sé seo le folláine agus cuireann sé le nascacht leis an bhfoghlaim agus leis an scoil.

- Ag tógáil ar láidreachtaí leanaí agus daoine óga, ag cur rogha ar fáil agus ag cur a roghanna san áireamh nuair a bhítear ag pleanáil do ghníomhaíochtaí.
- Cuideoidh straitéisí teagaisc chun mothúcháin a rialáil agus imní a bhainistiú le leanaí agus daoine óga déileáil leis na hábhair bhuartha agus imní a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le filleadh ar scoil. Beidh an bhéim anseo ag brath ar riachtanais aonair daltaí agus ar a dtaithe agus iad as láthair ón scoil. Ba chóir don obair maidir le tacú le leanaí agus daoine óga mothúcháin a rialáil agus imní a bhainistiú tógáil agus comhlánú a dhéanamh ar obair roimhe seo mar atá leagtha amach sa phlean tacaíochta scoile².
- Mothú pobail a fhorbairt trí chur ar chumas leanaí agus daoine óga ról gníomhach a bheith acu sa rang trí iad a bheith san áireamh don phleanáil agus trí ghrúpgníomhaíochtaí taitneamhacha a sholáthar (m.sh. Ealaín, Drámaíocht, Corpoideachas).

Mothú DÓCHAIS a chothú

Baineann mothú dóchais le teacht aniar a chothú agus a bheith ag súil go n-oibreoidh rudaí amach do leanaí agus do dhaoine óga i bpobal na scoile. Is féidir leo seo a leanas mothú dóchais a chothú:

- Ba chóir do mhúinteoirí daltaí a chur ar a suaimhneas le teachtaireachtaí ceansaithe, dóchasacha faoina bhfuil á dhéanamh ag an scoil, ag múinteoirí agus ag daoine eile chun pobal na scoile a bheith sábháilte agus sona.
- Ba chóir machnamh siar go dearfach ar rudaí ina raibh leanaí páirteach iontu agus a thaitin leo le linn tréimhsí dúnta scoile, nuair a d'fhill siad ar scoil agus ba chóir gníomhaíochtaí taitneamhacha a chur chun cinn le linn an Chláir Samhraidh féin. Nuair a labhraítear faoi na samplaí seo den teacht aniar, is féidir cneasú agus dearfach a chothú.
- Beidh scaradh struchtúrtha intuartha ó thuismitheoirí/cúramóirí ann nuair a ghlacann leanaí agus daoine óga páirt sa Chlár Samhraidh agus cuideoidh sé iad a ullmhú dá n-aistriú i mí Mheán Fómhair. Is féidir le hathghafacht thacúil le gnáthaimh ina mbíonn an bhéim ar ghníomhaíochtaí foghlama spráilte ardrogha cuidiú leis an bhfócas a aistriú ó mhothúcháin anacair agus ligean do dhaltaí taitneamh a bhaint as an am i láthair agus breathnú chun cinn go dóchasach.

Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige solúbtha agus leanbháraithe a ghlacadh nuair a

² [Comhairle & acmhainní NEPS chun leanaí agus daoine óga a choinneáil slán le linn Covid-19](#)

bhíonn clár á phleanáil acu do leanaí agus do dhaoine óga rannpháirteacha. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach go dtógann pleanáil an chlár ar láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais tosaíochta gach linbh atá rannpháirteach ann trí chomhoibriú le tuismitheoirí agus guth an linbh a chumasú.

Má tharlaíonn go mbíonn leanaí agus daoine óga ag aistriú go suíomh nua oideachais, ba chóir tacaíocht don aistriú a bheith mar fhócas ar leith sa phlean tacaíochta don Chlár Samhraidh.

Úsáid na teicneolaíochta chun tacú leis an rannpháirtíocht

D'fhéadfadh roinnt leanaí agus daoine óga úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus gairis chúnata ar nós méarchláir mhalartacha, bogearraí aitheanta gutha, bogearraí formhéadúcháin do mhonatóirí agus roghanna maidir le téacs chuig cainte, chun foghlaim, cumarsáid agus idirghníomhú a chothabháil, nó chun cuidiú leo. Nuair a bhítear gafa le leanaí agus le daoine óga ar an gCampa Samhraidh, féadfaidh teicneolaíochtaí agus gairis cuidiú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais RSO acu trí:

- Tacú leis an bhfoghlaim (m.sh. ríomhaire glúine a úsáid chun taighde a dhéanamh, seiceálaí litrithe a úsáid, téacs a léamh nó bogearraí aitheanta cainte a úsáid, deiseanna cleachtais agus comhdhlúthaithe a sholáthar)
- Cuidiú le haistrithe chuig suíomhanna iar-bhunscoile (m.sh. féilirí, sceidil, aláráim, aipeanna eagrúcháin)
- Tacú le cumarsáid (m.sh. bogearraí éagsúla, aipeanna teachtaireachtaí)
- Deiseanna sóisialta a mhéadú (m.sh. aipeanna teachtaireachtaí)
- Strus a laghdú (m.sh. seinnteoirí ceoil, aipeanna ceansaithe)
- Tacú le réimsí spéise áineasa (m.sh. taighde a dhéanamh ar réimsí spéise aonair)

Foghlaim conas foghlaim

Chun tacú le leanaí agus daoine óga go mb'fhéidir gur cuireadh isteach ar a leanúnachas foghlama mar gheall ar thréimhsí ciantegaisc agus cianfhoghlama, beidh sé an-tábhachtach do mhúinteoirí díriú ar scileanna a bhaineann le foghlaim conas foghlaim.

Áirítear i measc na moltaí chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu nó iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil le linn an Chláir Samhraidh:

- Oibriú chun gnáthaimh scoile a athbhunú a chuidíonn le leanaí agus daoine óga rath a bheith ar a saol laethúil scoile agus leanúint de ghnáthaimh sláinteachais Covid-19 a chleachtadh.

- Tógáil ar scileanna sóisialta agus straitéisí féinrialála daltaí do chomhthéacs na scoile.
- Díriú ar scileanna éifeachtacha tascanna agus eagrúcháin a fhorbairt.
- Scileanna agus cuir chuige cumarsáide a threisiú lena dheimhniú gur féidir le leanaí agus daoine óga roghanna a chur in iúl agus a dtuairimí a léiriú.
- Machnamh a dhéanamh ar éachtaí roimhe seo (go háirithe iad siúd atá doiciméadaithe i gcomhaid tacaíochta an dalta) agus conas a baineadh iad seo amach chun cabhrú le leanaí agus daoine óga a bheith níos feasaí faoi na straitéisí maithe atá acu cheana féin.
- Úsáid straitéisí meiteachognaíocha a léiriú trí dheiseanna a thabhairt do leanaí labhairt faoin tslí a bhfuil siad ag foghlaim, na rudaí is fearr a chabhraíonn leo foghlaim agus deiseanna a thabhairt dóibh an fhoghlaim a chur i láthair ar bhealaí éagsúla.

Cuirfidh an CNOS foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus acmhainní don Chlár Samhraidh ar fáil. Foilseofar na sonraí ar www.ncse.ie

Measúnú ar riachtanais leanaí

Ba chóir suirbhé réamhchláir a eisiúint chuig leanaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chun riachtanais foghlama tosaíochta, láidreachtaí, spéiseanna agus conas is fearr a thacófar leo a bhunú. I cásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag leanaí nó daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise shuntasacha acu le bealaí eile chun a spéiseanna, láidreachtaí agus riachtanais foghlama a chur in iúl. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo ar chumas múinteoirí tacaíocht a phearsanú trí Phlean Tacaíochta don Chlár Samhraidh a chruthú. Ba chóir breathnú maidir le gnéithe lárnacha den litearthacht agus den uimhearthacht a áireamh sa phlean mar aon le tacaíochtaí d'fhorbairt shóisialta agus do ghníomhaíochtaí taitneamhacha thar réimsí éagsúla eile an churaclam. Ba chóir dúshlán agus méid an phlean a bheith indéanta go réalaíoch i ngearrthréimhse an chláir.

Ag deireadh an chláir ba chóir forléargas a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar dhul chun cinn a linbh agus taifead ar a bhfoghlaim (oiriúnaithe ó Chontanam an phlean tacaíochta). Ba cheart don scoil an taifead seo ar dhul chun cinn a choinneáil agus a chinntiú go n-úsáidtear í chun cur chuige a threorú don leanbh nó don duine óg i mí Mheán Fómhair 2021. Má tharlaíonn go mbeidh leanbh nó duine óg ag aistriú chuig scoil eile, ba chóir do na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhaisnéis seo a choinneáil agus í a thabhairt don mhúinteoir ranga/ceann bliana nuair a tharlaíonn an t-aistriú. Cuideoidh sé seo le planáil oideachais amach anseo don bhliain acadúil 2021/22.

Cuir chuige teagaisc

Nuair a bhíonn clár á cheapadh, beidh cuir chuige oideolaíocha éifeachtacha ríthábhachtach chun tacú le leanaí agus daoine óga dul chun cinn a dhéanamh agus eispéireas ratha a bheith acu.

Treoirínte do chuir chuige teagaisc éifeachtacha:

- Cuir chuige amhairc struchtúrtha teagaisc a úsáid, lena n-áirítear sceidil chun cuidiú le tuiscint na ndaltaí ar struchtúr agus ar sheicreamh an lae
- Díriú ar shúgradh agus ar fhoghlaim bunaithe ar ghníomhaíochtaí
- Riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga a aithint go soiléir
- Ionchais foghlama shoiléire a sholáthar agus am don mhachnamh ar an bhfoghlaim
- Forbairt ar eolas agus scileanna a scafláil
- A thabhairt le fios do leanaí agus do dhaoine óga nach amháin go bhfuil sé inghlactha botún a dhéanamh ach gur céim bhunúsach é seo i bpróiseas éifeachtach na foghlama
- Ceisteanna oscailte a chur
- Am a sholáthar don mhachnamh agus chun ceisteanna a fhreagairt
- Eagraithe grafacha agus meabhairmhapaí a úsáid
- Teicneolaíocht a úsáid aon uair is féidir agus is cú
- Deiseanna a sholáthar don fhoghlaim chun obair i gcomhpháirt le piaraí i suíomh digiteach
- Deiseanna a chruthú le bheith gafa leis an bhfoghlaim neamhspleách
- Aiseolas a sholáthar go rialta chun an leanbh nó an duine óg a spreagadh
- Quizeanna agus comórtais a úsáid chun inspreagadh agus spraoi san fhoghlaim a chothú
- Deiseanna a sholáthar chun an fhoghaim a dhaingniú agus machnamh a dhéanamh uirthi

Ról an mhaoirseora

Má bhíonn an Clár Samhraidh ar fáil sa scoil, beidh ról an mhaoirseora maidir le torthaí rathúla a chinntiú do rannpháirtithe fíorthábhachtach. Caithfidh an maoirseoir a bheith ina phríomhoide, ina leas-phríomhoide nó ina mhúinteoir buan cáilithe, fostaithe i agus ag an scoil rannpháirteach. Níor chóir ach duine amháin a fhostú chun an post seo a líonadh do thréimhse an chláir. Ag deireadh an chláir, ba chóir don mhaoirseoir a chinntiú go gcoinnítear faisnéis achomair ar dhul chun cinn an linbh sa scoil chun cuidiú le leanúnachas na foghlama i mí Mheán Fómhair. Ba cheart do phríomhoide na scoile a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as na tacaíochtaí atá ar fáil chun foghlaim leanaí a fheabhsú agus go ndéantar príomhthosaíochtaí foghlama a bhunú do gach leanbh nó duine óg.

Ról na múinteoirí

Go hidéalach, gheobhaidh scoileanna a chuireann an Clár Samhraidh ar fáil cúnamh ó rannpháirtíocht dheonach múinteoirí a bhfuil taithí acu ar riachtanais na leanaí nó na ndaoine óga rannpháirteacha. Má bhíonn an taithí seo ag múinteoirí beidh sé níos éasca dóibh tosaíochtaí foghlama a bhunú atá ailínithe le pleananna tacaíochta atá ann

cheana agus clár tacaíochta a dhearadh chun teagmháil a choinneáil leis an scoil. Má bhíonn múinteoirí eile fostaithe, ba cheart do mhúinteoirí rochtain a lorg ar an bplean tacaíochta is déanaí don leanbh nó don duine óg chun cuidú le tosaíochtaí foghlama a bhunú. Ba chóir do mhúinteoirí taifead a choinneáil den ábhar agus de na scileanna a mhúintear ar an gClár Samhraidh agus achoimre air seo a thabhairt don scoil nó do na tuismitheoirí, de réir mar is cuí.

Ról Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRSanna)

Nuair is féidir, ba choir do scoileanna a chuireann an Clár Samhraidh ar fáil iarracht rannpháirtíocht dheonach CRSanna a fháil a bhfuil cur amach acu ar na leanaí atá ag freastal ar an gclár scoilbhunaithe. Ba chóir go gcloífeadh ról agus dualgais na CRSanna le linn an Chláir Samhraidh leis na ról atá leagtha amach i bpolasaí RSO na scoile agus a bheith de réir na bpleananna cúraim atá ann cheana do leanaí nó daoine óga. Ba chóir béim ar leith a leagann ar fhreastal ar riachtanais sláinte agus cúraim agus ar neamhspleáchas a chothú.

Guth an linbh nó an duine óig

Is féidir le leanaí agus daoine óga a bheith cumhachtaithe agus spreagtha má bhíonn siad rannpháirteach maidir le spriocanna foghlama a leagan amach agus monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn. D'fhéadfadh deacrachtaí teanga agus cumarsáide a bheith ag roinnt acu, dá bhrí sin tá sé tábhachtach modhanna cuí a úsáid ionas gur féidir le daltaí a dtuairimí a chur in iúl agus ionchur a bheith acu (m.sh. tacaí amhairc, roghacláir, teicneolaíocht chúnta a úsáid). Cinntíonn cur chuige leanbhlaraithe ina gcuirtear an duine aonair i gcroílár na pleanála oideachais go dtugtar aghaidh ar a riachtanais shonracha foghlama agus folláine. Cuidíonn sé seo le guth an linbh nó an duine óig a áireamh i bpróiseas pleanála agus cinnteoireachta maidir lena gconair oideachais.

Nuair a bhítear gafa le leanaí agus le daoine óga faoin gClár Samhraidh, ba chóir do scoileanna éisteacht le hionchur maidir le:

- Gníomhaíochtaí ina mbíonn siad páirteach
- Cineál agus nádúr na tacaíochta ó dhaoine fásta
- Úsáid na teicneolaíochta chun tacú leis an bhfoghlaim
- Gnéithe sóisialta dá n-oideachas (staid mhothúcháinach a bhainistiú, aistriú nó athrú a bhainistiú).

Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Tá rannpháirtíocht tuismitheoirí ríthábhachtach maidir le torthaí leanaí agus daoine óga a fheabhsú agus aidhmeanna an Chláir Samhraidh a bhaint amach. Tacaíonn modh cumarsáide éifeachtach, ina spreagtar agus ina gcuireann ar chumas tuismitheoirí a

dtuairimí agus a n-imní faoi aistriú a linbh isteach sa suíomh oideachais don scoilbhliain seo chugainn a roinnt, le tuismitheoirí ionchur a bheith acu in oideachas a linbh.

Nuair a bhíonn scoileanna i dteagmháil le tuismitheoirí faoin gClár Samhraidh, ba chóir:

- A bheith i dteagmháil le tuismitheoirí faoi láidreachtaí, réimsí spéise, agus riachtanais a linbhle mar aon le dearadh cuspóirí foghlama
- A bheith i dteagmháil le tuismitheoirí faoi phleanáil le haghaidh aistrithe, lena n-áirítear aistrithe isteach/amach as an scoil agus idir suíomhanna
- Tuairimí leanaí agus daoine óga mar aon le tuismitheoirí a lorg agus a spreagadh nuair a bhíonn gníomhaíochtaí agus cuir chuige teagaisc á roghnú acu, de réir mar is cuí
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí chun torthaí dearfacha an Chláir Samhraidh a uasmhéadú do leanaí agus do dhaoine óga
- A dhearbhu do tuismitheoirí go ndéanfar gach iarracht tacú lena leanaí ath-imeascadh/ aistriú go rathúil chuige an suíomh oideachais atá pleanáilte don scoilbhliain seo chugainn
- A dhearbhu do tuismitheoirí go spreagfar agus go dtacófar lena leanaí ina bhfoghlaim má bhíonn baol aischéimnithe san fhoghlaim
- A bheith i dteagmháil le tuismitheoirí maidir le tacú lena leanaí gnáthamh scoile rialta a choinneáil.

Conclúid

Tá ábhar an doiciméid threoraigh seo dírithe ar raon suíomhanna lena n-áirítear scoileanna speisialta, ranganna speisialta agus scoileanna príomhshrutha. Tá sé i gceist ag na cuir chuige ghinearálta a leagtar amach sa doiciméad treoir a thabhairt maidir le heispéiris foghlama taitneamhacha agus torthaí foghlama réalaíocha a threorú do leanaí agus do dhaoine óga thar thréimhse réasúnta gearr an chláir.

Tá an tsolúbthacht agus an neamhspleáchas atá á thabhairt do scoileanna chun cláir foghlama a dhearadh a oireann do riachtanais leanaí agus dá suíomh oideachais ar leith an-suntasach. Beidh sé thar a bheith tábhachtach do scoileanna a bheith i dteagmháil le tuismitheoirí/cúramóirí ionas go ndéantar ionchais faoi nádúr chlár an linbh a chomhaontú roimh ré agus go gcoinnítear cumarsáid mhaith i rith an chláir. Chun tacú le leanúnachas i bhfoghlaim an linbh, ba chóir torthaí an chláir do gach leanbh a roinnt go héifeachtach i bhfoirm scríofa leis an scoil agus leis na tuismitheoirí go tráthúil.

Trí Chlár Samhraidh 2021 a sheachadadh, ba cheart do phríomhoidí agus do mhúinteoirí a ndícheall a dhéanamh tacú leis na leanaí nó leis na daoine óga ar a bhfuil an clár dírithe chun a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama agus sóisialta a chomhdhlúthú mar ullmhú don aistriú réidh chuige a ranganna nua i mí Mheán Fómhair 2021.